# NUACHTLITIR NA CÁSCA 2023



**Scoil Chrónáin, Ráth Cúil**

**31ú Márta 2023**

## Nóta ón bPríomhoide



A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí dhíle,

Beannachtaí na Cásca oraibh go léir. Tá an bhliain ag dul tharainn ar luas lascach arís. Bíonn atmaisféar álainn le mothú mórthimpeall na scoile an t-am seo den bhliain. Is am é ina dtosaíonn rudaí ag fás tar éis an gheimhridh agus bíonn an nádúr ag gníomhú roimh theacht an tsamhraidh. Tosaíonn na páistí ag cur síolta sna gairdíní ar scoil agus feictear toradh a gcuid oibre roimh na Cásca le teacht lus an chrom cinn agus na bláthanna atá curtha acu le seachtainí anuas.

Táimid ar fad tar éis a bheith ag céiliúradh ár gcúltúr gaelach i rith Lá Fhéile Pádraig agus i rith Seachtain na Gaeilge agus táimid ag súil le teacht na Cásca agus gach tradisiún álainn a théann leis. Agus mé ag smaoineamh siar ar an téarma atá imithe táim fíorbhuíoch go bhfuil an deis agam a bheith mar bhall de phobal iontach scoile. Caithfidh mé moladh a thabhairt do fhoireann na scoile agus gach ionadaí a tháinig isteach chugainn. Déanann siad gach iarracht i gcónaí oideachas den scoth a chur ar fáil do pháistí uile na scoile agus ag an am céanna ag léiriú na luachanna scoile de cineáltas, meas, caidreas agus a bheith cabhrach i gcónaí. Cabhraíonn sé seo go mór le mana na scoile "Mol an Óige" a thabhairt chun críche.

Gan dabt tá moladh speisialta tuilte ag páistí uile na scoile an téarma seo. Is aoibhinn an radharc iad a fheiscint ag teacht ar scoil go sona sásta agus ag forbairt agus ag fás an t-am ar fad. Ní h-aon ionadh é go mbíonn sé chomh deacair ar mhúinteoirí páiste amháin a roghnú mar pháiste na míosa gach mí.

Chomh maith leis sin ba mhaith liom thar ceann de fhoireann na scoile ár mbuíochas a ghabhail libhse a thuismitheoirí agus go speisialta le cumann na dtuismitheoirí Le Chéile. Tá sibh i gcónaí sásta tacú leis an scoil nuair a iarrtar aon rud oraibh ó thaobh maoinú, deontais nó cabhair a thabhairt don scoil. Ní fhéadfadh a lán rudaí tárlú ar scoil gan bhúr tacaíocht leanúnach agus táimid chomh buíoch as na deiseanna a thugann an tacaíocht seo dúinn.Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an Cháisc agus cífimid a chéile arís go luath agus inn ag cur tús leis an triú téarma.

*Dear Parents & Guardians*

*Happy Easter to you all. Another term has come to fruition at record pace it seems. There is always a wonderful atmosphere to be felt in school during this time of year. It is a time of renewal, growth and getting things ready before the on-set of summer. The children start planting seeds in the gardens around the school at the start of spring and they don't have long to wait to see the fruits of their labour with the coming of the daffodils.*

*We have recently celebrated our Irish heritage during our St Patrick's Day celebrations and during Seachtain na Gaeilge. We are very much looking forward to the coming of Easter and all of its wonderful traditions. Looking back on the term just gone I am so very grateful to be a part of a wonderful school community. I have to start by praising the wonderful staff of the school and any substitutes and volunteers who came in and worked in the school this term. They all continue to provide a very high level of education to the children in front of them, all the while, modelling the values of kindness, friendship, helping others and respect. They drive the realisation of our motto "Mol an Óige".*

*Of course, the children of the school deserve our praise for the work they have done this term. It is wonderful to see them all every morning at the gates of the school and watching them grow and develop. It is no wonder that the teachers find it difficult to choose one child from each class as a winner for the "Páiste na Míosa" competition.*

*Finally, as a representative of the school I would like to extend how grateful we are for all of the wonderful parents of our school and our parents association, Le Chéile. You have been so supportive again this past term in terms of donations, time and resources that continue to enhance the learning experience of the children of the school. We wouldn't be able to provide all the things that happen in the school without your support.*

*We wish you all a peaceful and restful Easter and we look forward to seeing everybody at the start of the third semester when we return.*

Le meas,

Seán Ó Sé.





## Taithí Oibre/ Work Experience

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Múinteoir Máire ó Coláiste Pádraig Drom Conrach agus le Máistir Joshua ó Coláiste Mharino a bhí linn mar pháirt dá gcuid taithí oibre le Naíonáin Bheaga agus le Rang a 5 le cúpla seachatin anuas. Tá súil againn iad a fheiscint ar ais linn arís sa todhcaí. Táimid fíor-bhuíoch do gach iar-scoláire a tháinig ar ais chugainn chun cabhair a thabhairt i rith Seachtain na Gaeilge. Bhí siad an-chabhrach agus tá súil againn gur bhain siad taitneamh as a bheith ar ais.

*We would like to thank Múinteoir Máire from St. Patricks College, Drumcondra and Máistir Joshua, from Marino Institute of Education, who have been on work placement in Naíónáin Bheaga and Rang 5 over the last number of weeks. They are both in their final year of teacher training and we wish them all the best as they start out on their teaching careers. Also, we would very much like to thank the Transition Year students who have been on work placement with us this year. They have assisted us greatly and we hope they had a positive experience here*

## Síntúis Dheonach/ Voluntary Donations



Tá an scoil thar a bheith buíoch as na comhlachtaí agus na daoine áitiúla a dheonaigh go flaithiúil le cúpla múí anuas.

1. Buíochas le tuismitheoir a dheonaigh 15 ríomhaire glúine ón gcomhlacht Fidelity. Beidh siad an-áisiúil dúinn amach anseo agus tabharfar aire mhaith dóibh.
2. Buíochas le Tesco Ráth Cúil a dheonaigh airgead ón gciste pobail.
3. Buíochas le Kidspace a thug pas clainne ags pas laser quest dúinn mar dhuaiseanna le tabhairt amach i rith Seachtain na Gaeilge.
4. Buíochas le haon tuismitheoir a dheonaigh in aon slí le leabhair, breagáin agus lego a thabhairt don scoil.

*We would very much like to thank the following businesses for their very generous donations to our school over the last number of months.*

*1. Fidelity Bank: Thank you to a parent who works with them and who organised the donation of 15 laptops to the school. They will be put to good use and will be well minded.*



*2. Tesco Rathcoole who very kindly donated to the school from their Community Fund*

*3. Kidspace: provided family passes and laser quest passes for our big Seachtain na Gaeilge Draw.*

*4. Thank you to all parents who have contributed in any way to donations of lego, books and toys to the school.*

## Aonach Leabhair / Book Fair

I mbliana bhí cuairt againn ó The Celtic Travelling Books, Aonach Leabhar. Eispéireas iontach a bhí ann do na páistí ar fad. Thóg gach rang turas chuig an aonach, ceannaíodh go leor leabhar agus bhíodar ar fad sona sásta leis. Trí do cheannacháin fuaireamar luach €2,460 de leabhair don scoil ó Scholastic. Ba bhronntanas é seo ar cuireadh fáilte mhór roimhe. Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh Celtic Travelling Books ar ais arís an bhliain seo chugainn. Go raibh míle maith agaibh go léir as ucht an scoil a thacú i gcónaí, bainfear an-taitneamh as na leabhair nua nuair a thagann slAd.

*In March, we had a visit from The Celtic Travelling Books, Book Fair. It was a fantastic experience for all the children. Every class paid a trip to the fair, many a book was bought and there were plenty of smiling faces to be seen. Through your purchases we secured €2,460 worth of books for the school from Scholastic. What a hugely welcomed gift this was. We look forward to welcoming Celtic Travelling Books back again next year. Thank you all for contributing and helping us secure such an amount of new books for the school.*









## Paiste na Míosa Club Bricfeasta le Príomhoide

Comhgairdeachas leo siúd a bhuaigh comórtas "Páistí na Míosa" an mhí seo. Is iad na múinteoirí ranga a bhronann an duais seo.. Bíonn deis iontach acu bricfeasta a bheith acu sa seomra foirne, curtha ar fáil ag an scoil. Bhí duais speisialta ann an mhí seo! Tugann sé seo deis dúinn mar scoil aitheantas a thabhairt dóibh siúd a léirigh cineáltas, cairdeas agus a bhíonn cabhrach sa rang. Maith sibh a pháistí.

*Congratulations to those students who were awarded "Páiste na Míosa" by their class teachers this month. They had the opportunity to have breakfast in the staff room catered by the school. They got a special surprise this month too! It gives the school the opportunity to reward those students who continually show kindness and friendship as well as being helpful to all in their class. Well done everyone.*







## Le Chéile

Tá an scoil i gcónaí buíoch don tacaíocht ar fad a thugann Le Chéile dúinn. Thug siad tacaíocht dúinn i rith Seachtain na Gaeilge trí veain uachtar reoite a eagrú. Tá 25 bord ficheall faighte acu don scoil ionas go mbeidh páistí scoile a bhfuil suim acu ann é a imirt agus é a fhoghlaim. Chomh maith leis sin tá tacaíocht tabhartha acu dúinn le trealamh spóirt, cluíchí clóis agus busanna a eagrú do pháistí go leanúnach ó thús na bliana. Bíonn siad i gcónaí an-chabhrach ag eagrú ócáid iontach do theaghlaigh rang a 2 i ndiaidh an Chéad Chomaoineach. Go raibh maith agaibh as an dea-obair a bhíonn ar siúl agaibh.

*We are very grateful to Le Chéile for their ongoing support and help to our school community. Over the last number of months Le Chéile have funded the fabulous Ice cream van for Seachtain na Gaeilge, provided 25 chess boards, are organising a Communion gathering for families of Rang 2, on top of providing much needed sports equipment and yard signage earlier in the year. Thank you for your continued support.*



## Sports Report

Tar éis briseadh na Cásca, beidh an Spóirt i Scoil Chrónáin faoi lán tseoil arís leis an Iománaíocht agus an Chamógaíocht ag tosnú nuair a thagaimid ar ais. Tá na buachaillí agus na cailíní ag tiargáil faoi láthair agus iad ag traenáil go tréan uair sa tseachtain faoi láthair. Beidh ar a laghad 5 chluiche ag gach foireann.

1. Imreoidh ár bhfoireann Go Games gach Máirt ag tosnú ar an 25ú Aibreán.
2. Imreoidh ár bhfoireann Camógaíochta gach Céadaoin ag tosnú ar an 19ú Aibreán.
3. Imreoidh ár bhfoireann Iománaíochta gach Déardaoin ag tosnú ar an 20ú Aibreán.

Chomh maith leis sin beimid ag tnúth go mór leis an Lúthchleasaíocht a bheidh ar siúl i UCD i mbliana. Beidh spórt agus spraoi againn chomh maith ar Lá Spóirt (8ú nó 9ú Meitheamh) agus beidh sé níos mó agus níos fearr ná riamh le cúpla rud iontach nua! Beidh go leor eile ar siúl againn chomh maith le Seachtain Gníomhach. Bíodh Cáisc iontach agaibh agus bígí ag cleachtadh!

*After the Easter break, sport in Scoil Chrónáin will be in full swing with Hurling and Camogie getting underway when we return. The boys and the girls are preparing for these upcoming games at the moment by training once a week. Each team will play a minimum of 5 games.*

*1.Go Games every Tuesday with the first match on the 25th April.*

*2.Camogie every Wednesday with the first match on the 19th April.*

*3.Hurling every Thursday with the first match on the 20th April.*

*Athletics preparations will also get under way and the children always look forward to the different events that will take place in UCD this year. We will have lots of sport and fun at Sports Day (8th or 9th June) and it will be bigger and better than ever before with a few surprises! There will be lots more to look forward to too including Active Week. Have a wonderful Easter and keep up practising!*



# Lá Domhanda na Leabhar / World Book Day

De Ceadaoin, 1ú Márta, dheineamar ceiliúradh ar 'Lá Domhanda na Leabhar'. Spreagann an lá seo cur chun cinn na léitheoireachta i slí taitneamhach spreagúil. Bíonn an-spóirt ag na daltaí agus ag na múinteoirí agus iad ag gléasadh suas mar a rogha carachtar as leabhar agus labhairt faoi . Bhí cúpla Harry Potter agus Gangster Granny le feiceáil mórthimpeall na scoile i mbliana — agus Wallys!

*On Wednesday 1st March we celebrated World Book Day in great style! World Book Day promotes the enjoyment of reading and encourages children to share their views about various books/ characters with one another. The children and staff had great fun dressing up as their favourite book characters and speaking about them. We spotted quite a few Harry Potters' and Gangster Grannys' in school on the day—not to mention our 'regular Wallys'!*
















# Seachtain na Gaeilge 2023!

Bhí spórt, ceol, dramaíocht, Tráth na gCeist, paráid, damhsaí, ceardlannaí filíochta, ceardlannaí bodhrán, ealaín, amhránaíocht, éadaí glasa, duaiseanna agus cuideachta againn le linn Seachtain na Gaeilge! D'fhoghlaimíomar go leor damhsaí nua don Chéilí Mór ar nós "Ballaí Luimní, Cor Beirte, an Dreoilín agus chanamar go leor amhrán Gaelacha lena chéile chomh maith. Bhí ceoltóirí na scoile ag seinm go beo ag an gCéilí. Bhí ceolchoirm Gaelach scoile againn chomh maith agus bhí deiseanna ag na páistí a dtallainn a léiriú. Ní féidir a shéanadh nach bhfuil páistí ildánacha againn i Scoil Chrónáin a bhí lántoilteanach seasamh suas os comhair an tslua mhóir chun bheith ag canadh, ag seinm agus ag damhsa. Molaimid sibh go léir! Tháinig cúpla iarscoláire ar ais i rith na seachtaine speisialta seo freisin, chun lámh chúnta a thabhairt agus chun bheith ag canadh agus ag damhsa in éineacht linn! Go raibh maith agaibh a Rebecca, a Aoife, a Liam agus a Ghráinne. Míle Buíochas don fhoireann agus do mhúinteoir Niamh ó "Music Generation" a thacaigh go mór le Seachtain na Gaeilge 2023. Ócáid an-speisialta agus cultúrtha a bhí ann agus thaitin sé go mór linn bheith ag ceiliúradh ár nÉireannachas lena chéile! Céad Míle Buíochas do "Le Chéile" a d'íoc ar son an veain uachtar reoite. D'eagraigh Rickey, an fear uachtair reoite, cónta glasa le huachtar reoite glas do gach páiste sa scoil. Ní dhéanaimid dearmad ar Sheachtain na Gaeilge 2023 riamh! Scoil Chrónáin abú!!!

*Seachtain na Gaeilge 2023 was one for the memory books!! We made many magical memories together. We enjoyed music, drama, a whole school quiz, our very own St.Patrick's Day parade, dancing, poetry workshops, bodhrán workshops, singing, green "dress up" days, prizes and plenty of "craic agus comhluadar" at the "Ceolchoirm Scoile" and the "Céilí Mór". We danced our socks off to "Ballaí Luimní, Cor Beirte and "Amhrán an Dreoilín" to name but a few! We sang our hearts out "as Gaeilge" to hits like "Beidh Aonach Amárach, Óró 'Sé Do Bheatha Bhaile, Tóg Amach Mé, Babaí Siorc" and "Amhrán na bhFiann". Some members of staff along with Múinteoir Niamh from "Music Generation" formed a band and played live music for us at the Céilí. Sheinn sibh go binn a dhaoine uaisle! Past Pupils of ours returned for this great event to give a helping hand. They joined in, singing and dancing with us all, at the Ceilí and the concert. Go raibh míle maith agaibh a Rebecca, a Aoife, a Liam agus a Ghráinne. At the school concert, we were blown away by the children's talents. They performed effortlessly in front of a large school audience and we were so proud of each and every one of them.*

*We would like to extend a massive "Go raibh míle maith agat" to Le Chéile who organized an ice cream van to come to our school, where we were served green ice creams by Rickey, the main man on the day!! Seachtain na Gaeilge 2023 was a very special occasion in Scoil Chrónáin and we will never forget the fond, cultural, Irish, fun memories we made together where the "biggies" and the "smallies" were all joined together having the craic! Go raibh maith agaibh, a chairde as tacú liom leis an ócáid iontach seo i mbliana. Scoil Chrónáin abú!!*

## Images from the Week!

### *Tráth na gCeist /Whole School Table Quiz!*











***Poetry Workshops with Frank!***






***Bodhrán Buzz Workshops with Robbie!***





***'Seachtopus' Drama!***










***'Ceolchoirm'!***

















*'Ceili'!*













*Uachtar Reoite agus Spéaclaí Gréine!*









# Nuacht ó na Ranganna

## Gairdín na Scoile - Múinteoirí Aoife agus Fiona

Tá na páistí ag obair go dian faoi láthair ag fás bláthanna agus glasraí i dTír na nÓg. Tá cuma iontach ar an ngairdín. Faoi láthair tá daltaí ag glacadh páirte sa chlár "Incredible Edibles" agus "Budding Gardeners" ag fás cairéid, tornapaí, prátaí, leitís, oinniúin agus sútha talún. Táimid ag súil go mór lena bhaint.

*The children are working very hard at the moment growing flowers and vegetables in Tír na nÓg. The garden is looking amazing. Students are currently taking part in the programme "Incredible Edibles" and "Budding Gardeners" growing carrots, turnips, potatoes, lettuce, onions, and strawberries. We are looking forward to harvesting it.*








Tá Naíonáin Bheaga B ag glacadh páirte i 'SuperValu Let's GROW'. Chuir siad a gcuid síolta an tseachtain seo, ina measc lusanna na gréine, cress, duilleoga sailéid agus piseanna, le cabhair ó Conor agus Seán ó Rang 5A. Go raibh mile maith agaibh buachaillí!

*Naíonáin Bheaga B are taking part in 'SuperValu Let's GROW'. They planted their seeds this week including sunflowers, cress, salad leaves and peas, with the help of Conor and Seán from Rang 5A. Go raibh mile maith agaibh buachaillí!*




## Ag Obair sa Chistin

Bhíomar gnóthach sa chistin an téarma seo, agus go leor cócaireachta ar siúl! Triaileadh go leor oidis nua. Cabhraíonn cócaireacht scileanna saoil a fhorbairt, in éineacht le scileanna litearthachta agus uimhearthachta!

*We were busy in the kitchen this term, with lots of cooking taking place! Lots of new recipes were tried. Cooking helps the children develop life skills, alongside literacy and numeracy skills!*








## Múinteoirí Tacaíochta



Bhí na páistí i dtacaíocht foghlama ag obair go dian dicheallach an téarma seo! Tá Múinteoirí Fiona, Aoife, Vanessa, Ailín, Ciara, Gill agus Caroline thar a bheith bródúil as an obair chrua ar fad atá déanta acu. Go raibh maith agaibh a phaistí, as aoibh an gháire a chuir ar ár n-aghaidheanna gach uile lá. Tá sibh ar fheabhas ar fad.

Tá infheistíocht déanta againn i réimse leathan acmhainní nua lena n-áirítear cláir litearthachta, trealamh matamaitice agus cluichí sóisialta. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le tuismitheoirí na scoile as a dtacaíocht leanúnach. Le chéile is fearr sin!

*The children in learning support have been working hard this term! Múinteoirí Fiona, Aoife, Vanessa, Ailín, Ciara, Gill and Caroline are super proud of all their hard work. Go raibh míle maith agaibh a phaistí, for brightening up our school days this term! You are all truly wonderful. Over the last number of months we have invested in a wide range of new resources for the children including Literacy programmes, maths equipment and social games. We would like to thank parents for their continued support. Le chéile is fearr sin!*









## Trealamh Matamaitice

Tá infheistíocht déanta ag an scoil in acmhainní matamaitice i mbliana. Tá ríméad ar pháistí na hacmhainní nua a úsáid.

*The school has invested heavily in new mathematic resources for the children across all classes this year from Naonáin Bheaga to Rang 6. Children and teachers are delighted to use the new resources to support their lessons.*





## Oíche Eolais Foireann Chuimsithe Scoile

Bhí oíche oscailte ag an bhfoireann Cuimsiú Scoile i mí Eanáir leis an Teiripeoir Urlabhra agus Teanga scoile Eibhlin Walsh, an Teiripeoir Saothair Siobhain O' Shea agus an Síceolaí Oideachais Lauren Kingston. Labhair siad faoi fhorbairt scileanna teanga, mínluaile agus oll-luaile na bpáistí mar chuid dár ngnáthamh laethúil. Thug siad comhairle freisin maidir le conas déileáil le imní i leanaí. D'éirigh go hiontach leis agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí a bhí i láthair.

*The School Inclusion team held an open night in January with the school Speech and Language therapist Eibhlin Walsh, Occupational Therapist Siobhain O' Shea and Educational Psychologist Lauren Kingston. They spoke about developing children's language, fine and gross motor skills as part of our daily routine. They also gave advice on how to deal with worries in children. It was a great success and we wish to thank the parents that attended.*





## Naíonáin Bheaga A & B - Múinteoirí Clodagh & Celina

Bhí tearma gnóthach ag Naíonáin Bheaga an tearma seo. Bhaineamar an taitneamh as gléasadh suas le haghaidh Lá Domhanda na Leabhair agus leieamar go leor scéalta le Rang 3! Bhíomar gnóthach ag ullmhú le haghaidh Seachtain na Gaeilge agus bhaineamar an taitneamh as na gníomhachtaí ar fad. Bhí ár bpáritneirí i Rang 3 ar fheabhas ar fad. Tá go leor obair déanta againn sa seomra ranga agus tá muid ag obair go dian. Tá ard moladh tuilte ag an páistí ar fad agus tá Múinteoir Celina agus Múinteoir Clodagh an-bhródúil astu.

*Naíonáin Bheaga had a very busy term this term. We had a brilliant day dressing up for World Book day and had a great time reading stories with Rang 3. We were very busy in preparation for Seachtain na Gaeilge and thoroughly enjoyed all of the activities throughout. Our dance partners in Rang 3 were brilliant! We have been working very hard this term and Muinteoir Celina and Clodagh are extremely proud of all the children. We hope you all enjoy the Easter break!*





## Naíonáin Mhóra A & B - Múinteoirí Aoileann & Liam

Bhí an téarma seo lán le gníomhaíochtaí agus eachtraí suimiúla do Naíonáin Mhóra A & B. Ó Sheachtain na Folláine go Lá Domhanda na Leabhar, ón Aonach Leabhar go Seachtain na Gaeilge, bhí siad páirteach in an oiread gníomhaíochtaí le ranganna eile a chuir go mór le shaibhreas chultúr agus phobail na scoile.

Go hacadúil tá an dá rang faoi bhláth. San eolaíocht d'fhoghlaimíomar faoin Antartach, chuireamar síolta biolar, d'fhoghlaimíomar faoi dhul faoi uisce agus faoi shnámh, rinneamar báid pháipéir agus d'fhoghlaimíomar faoi bhunús na n-olann, an bhainne agus na poileistear. Táimid ag léamh i mBéarla agus i nGaeilge anois agus bainimid taitneamh as na leabhair a thabhairt abhaile chuig ár dtui-smitheoirí. Táimid tar éis a chomhdhlúthú le déanaí ár bhfoghlaim ama, mar sin fair amach Mamaí agus Daidí, tá a fhios againn nuair nach am dul a chodladh é anois!

*This term has been packed with interesting activities and adventures for Naíonáin Mhóra A & B. From Wellbeing Week to World Book Day, from the Book Fair to Seachtain na Gaeilge, they have been involved in so many group activities with other classes and these activities have contributed hugely to the richness of school culture and community.*

*Academically both classes are thriving. In science we have learned about the Antarctic, planted cress seeds, learned about sinking and floating, made paper boats and learned about the origin of wool, milk and polyester. We are reading in English and Irish now and enjoy bringing the books home to our parents. We have recently consolidated our learning of time, so watch out Mams and Dads, we now know when it's really bedtime!*







## Rang 1A & 1B - Múinteoirí Rachel & Niamh





Leanamar ar aghaidh an téarma seo leis an obair iontach a bhí ar siúl againn agus d'éirigh thar barr linn! Bhí neart spóirt agus spraoi ar siúl an téarma seo freisin. Ghléasamar ar fad suas do Lá Domhanda na Leabhar agus chuamar treasna chun ár leabhair is fearr a léamh agus a phlé leo. Chuamar go dtí an Aonach Leabhair agus bhí am deas againn ag féachaint tríd na leabhair agus ag piocadh amach leabhair le ceannach. Bhí go leor rudaí ag tarlú i rith Seachtain na Gaeilge freisin. Rinneamar Tráth na gCeist leis an scoil ar fad, d'fhéachamar ar an dráma "Seachtapus", bhí céilí scoile againn, ghlacamar páirt i gcómortas ealaíne na scoile agus bhíomar mar chuid de pharáid na scoile ag siúl trí Pháirc Ráth Cúil. Tá snámh tosnaithe againn an mhí seo. Tá ag éirí go maith linn agus táimid ag baint an-taitneamh as na ceachtanna. Táimid ag tnúth anois le laethanta saoire na Cásca agus tá súil againn go mbaineann sibh ar fad taitneamh astu!

*This term we continued to work hard in the classroom and made excellent progress. We had lots of fun this term too. For World Book Day, we dressed up as our favourite characters and we visited Rang a 5 to read and discuss our favourite books with them. We went to the Book Fair an we had a lovely time looking through the books and choosing some to buy. There were lots of things happening for Seachtain na Gaeilge as well. We had a whole school quiz, we watched the play "Seachtapus", we had a Ceilí with the rest of the school, we took part in the school art competition and we were a part of the school parade that went through Rathcoole Park. We started swimming this month. We're getting on well and enjoying the lessons. We are looking forward to the Easter holidays and hope you all have a great break!*

## Rang 2A & 2B - Múinteoirí Eibhlín & Daniel





Beannachtaí na Cásca daoibh ar fad ón dá Rang a 2! Bhí téarma gnóthach ach taitneamhach againn go dtí seo. Rinneamar ár gCéad Fhaoistin tús mí Márta agus bhí na múinteoirí agus ár dtuismitheoirí fíor-bhródúil asainn go léir. An tseachtain céanna bhí muid gléasta suas do Lá Domhanda na Leabhar agus bhí muid ag léamh in éineacht le Rang a 4. Thaitin seo go mór linn!

Bhí Seachtain na Gaeilge Scoil Chrónáin i mbliana mar ceann de na seachtainí is fearr le blianta anuas agus bhí an deis againn bualadh suas leis na ranganna go léir chun imeachtaí cosúil le céilí, tráth na gceist, seó tallanna agus ghlac muid páirt freisin i gcomórtas ealaíona. Chomh maith leis na himeachtaí thuas-luaite, d'eagraigh múinteoir Ailín ceardlann bodhráin dúinn, rud a thaitin go han-mhór linn ar fad! Míle buíochas le 'Le Chéile' a d'eagraigh veain uachtar reoite dúinn - bhí muid go léir ar bís faoi seo! Tá muid ag súil go mór le Téarma a 3 agus na himeachtaí go léir a bheas ar siúl againn, ach go háirithe ár lá mór speisialta féin - ár gCéad Comaoineach i mí Bealtaine.

*Happy Easter to you all from 2nd class!! We have had an extremely busy but very enjoyable term so far. We made our First Confession at the beginning of March and our teachers and our parents were extremely proud of us all. The same week we made a huge effort and dressed up for 'World Book Day' and enjoyed reading with 4th class. This year's Seachtain na Gaeilge was by far one of the best we've had in years as we all united as a whole school to take part in events such as our big céilí, the quiz, the talent show and we entered a school art competition. As well as the above events, we also took part in a brilliant bodhrán workshop which múinteoir Ailín organised for us. Huge thank you to 'Le Chéile' who organised an ice cream van for us. We were thrilled with our green cones! We are really looking forward to our 3rd and final term and all the fun things to come before the end of the year, but most of all, we are really excited for our big day in May - our First Holy Communion. Ó Rang a 2, múinteoirí agus ár gcúntóirí iontacha!*



## Rang 3A & 3B - Múinteoirí Muireann & Deirdre

Beatha agus sláinte chugaibh ó Rang 3! Ní chreidimid go bhfuil an Cháisc buailte linn. Is cinnte go n-imigh an téarma seo ar luas lasrach agus ár gcuid laethanta saoire tagtha aniar aduaidh orainn. Tá Seachtain na Gaeilge agus Lá Domhanda na Leabhar curtha dínn agus bhí go leor scléip againn ag gléasadh suas. Bhí deis againn dearadh a dhéanamh ar stocaí corra le linn Lá Idirnáisiúnta Siondróm Down. D'fhoghlamaíomar go leor tríd an suíomh downsyndrome.ie. Bhí plé iontach againn sa rang agus bhaineamar an-taitneamh as an lá. Mar is eol daoibh, fuair Rang 3 peata éisc, Tom, go gairid tar éis na Nollag. Táimid go hiontach le haire a thabhairt do. Tugaimid bia dhó dhá bhabhta in aghaidh an lae agus athraímid a chuid uisce san umar go rialta. Tá a lán taighde déanta againn sa rang faoi conas aire a thabhairt d'éisc agus thug Micheál plandaí isteach chun gur féidir le Tom an Oranda maireachtaint go sona sásta sa rang. Roinnimid é idir Ranaganna 3A agus 3B.

Is cinnte gurb é Bleaist Eolaíochta buaicphointe an téarma seo. Bhí obair thar na bearta déanta ag na páistí i Rang 3 ó Mhí na Nollag go dtí anois agus táimid an-bhuíoch do na tuismitheoirí a thug cabhair agus comhairle dúinn chomh maith. Ar an 2/3/'23 chuamar go dtí an RDS lenar gcuid saothar a chur faoi bhráid pháistí ó Ghaelscoileanna eile ar fuaid na tíre. Bhí ár mbreitheamh an-tógtha linn agus leis an ábhar taighde faoi conas mar a dhéanann éisc análú faoi uisce. Bhí go leor turgnaimh ullmhaithe againn. Rinneamar scannán ghairid ar an iPad.

Tá píosa beag oibre gharraídóireachta á dhéanamh againn sa rang le cabhair ó Incredible Edibles. Tá glasraí, torthaí agus go leor luibheanna curtha sa rang againn agus táimid ag tnúth go mór le féasta deas sláintiúil a bheith againn roimh laethanta saoire an tsamhraidh!

Bhaineamar an-sult as a bheith ag snámh gach Luan. Tá brón orainn go bhfuil sé thart anois ach tá scileanna CLG tosnaithe againn le déanaí agus beimid ag gabháil do seo gach Déardaoin le Seán Ó Ceallaigh. Bhí go leor craic agus spraoi againn roimh agus le linn Seachtain na Gaeilge. Chleachtaíomar ár rincí agus d'fhoghlamaíomar go leor cinn nua chomh maith. Bhíomar ag cleachtadh in éineacht le Naíonáin Bheaga agus bhí sé go hálainn am a chaitheamh leo.

Tá an t-ádh dearg linn go bhfuilimid ag baint leas as fearas spóirt sa chlós ag am lóin. Faoi láthair, bímid ag imirt peile chomh maith le húsáid a bhaint as fonsaí, téid scipeála agus cliatha in áiteanna faoi leith sa chlós. Déanfar athrú ar chluichí gach seachtain agus is breá linn an rogha agus éagsúlacht a bhíonn ar fáil againn. Tá béim an-mhór ar a bheith sláintiúil sa scoil agus feictear go mbíonn rian sona sásta ar pháistí Scoil Chrónáin da bharr.

Táimid ag seinnt linn ar ár bhfeadóga sa rang ó thús na bliana. Tagann James ó Music Generation chugainn gach Céadaoin. Bíonn deiseanna againn seinnt le chéile i rith na seachtaine go minic agus tugaimid aon uirlis eile a sheinnimid sa bhaile isteach linn chomh maith. Beidh ceachtanna ar an mbodhrán á thosnú againn go luath le cúnamh Dé. Táimid an-bhródúil as ár bpáistí ceolmhara. Nár laga Dia sibh!











*It is hard to believe that Easter is here. This term really flew by! Seachtain na Gaeilge and World Book Day have passed and we had so much fun dressing up and partaking in events during this period. We designed our own odd socks for World Downs Syndrome Day. We learned all about Down's Syndrome through the website www.downsyndrome.ie and had a lovely discussion in class.*

*As you all know Tom, our pet goldfish has been with us since January. We are having such a great experience taking care of him. We feed him twice a day and clean out the water in his tank regularly. We have done some great research in class to help us learn more about the oranda fish and how to take care of them. Michéal kindly brought in some plants for the tank so that Tom may live happily in our class. Tom takes regular trips between Ranganna 3A agus 3B.*

*Science Blast was certainly the highlight of this term. The children had engaged in trojan work from December on and we are extremely grateful to parents too as the input and great advice is invaluable to us in the classroom. On the 2nd of March we took a trip into the RDS to showcase our efforts and research to children from Gaelscoileanna from all around Ireland. Our judge was very taken with us and the research the children had undertaken on how fish breathe underwater. We had a few experiments prepared along with a short iMovie and a display wall showing all of our research and many facts related to the topic.*

*We are doing a little bit of gardening work in class at the moment. We are working with "Incredible Edibles" to find out more about where our food comes from. We have some fruit, vegetables and herbs growing in pots in class. We look forward to having a healthy feast with our harvest before the summer holidays!*

*We thoroughly enjoyed our Monday swim classes and are sad that they have now ended. Luckily, we have GAA skills with Seán Kelly each Thursday. We had a very fun filled Seachtain na Gaeilge and practiced new dances along with old ones too with Naíonáin Bheaga. It was great to spend time getting to know the younger children in the school.*

*We are so lucky to be making such great use of our sports equipment as often as we do in our school. We play sports at lunch times and have different "zones" laid for the various games we play. So far, we have been playing with footballs, hoops, skipping ropes and hurdles in different areas of our school yard. Games will be changed around each week and we are loving the variety! There is a great emphasis on staying active and healthy in Scoil Chrónáin and it shows in how happy the children are as a result.*

*We continue to play the tin whistle in class. James from Music Generation visits us every Wednesday. We hope to take some bodhrán lessons too. We take every opportunity we can get to jam together during the week and some children even bring in a variety of instruments from home. We are so very proud of our musical group!*

## Rang 4A & 4B - Múinteoirí Tara & Colm



Is dócha gurb é an clár 'Peace Proms' is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na leanaí sa téarma seo. Bhí go leor amhráin le foghlaim ag na leanaí agus againn féin chomh maith le rince leis na haon amhrán. Chaitheamar cúpla mí ag cur snas ar ár dtaispeántas agus nuair a tháinig an lá mór ar an Satharn, an 4ú Feabhra 2023, thug Rang a Ceathar taispeántas den chéad scoth chomh maith le trí mhíle leanbh eile ó cheann ceann na Tíre. Bígí an-bhródúil asaibh féin! Lá draíochtúil a bhí ann. Seo a leanas cuid do sna rudaí deasa eile a bhí ar siúl againn an téarma seo:Chuir Rang a 4 iarracht mór isteach do 'Seachtain na Gaeilge' chomh maith nuair a chanadar 'An Poc ar Buile' le fuinneamh agus chuireadar dráma leis chomh maith a bhí spraoiúil agus lán d'aicsean. Bhíomar ag rince le Rang a 1 don gCéilí Mór. Bhí an chraic againn leis an gceardlann 'Bodhrán Buzz' nuair a tháinig Robbie ar ais chugainn. Dheineamar pancóga lenár n-oideas féin ar Máirt na hInide agus im san Eolaíocht! Yum! Yum! Bhí lá iontach againn nuair a ghleasamar suas do La Domhanda na Leabhar agus bhíomar ábalta leabhair a léamh le Rang a 2 agus a leabhair a cheannach chomh maith ón Aonach Leabhair. Dheineamar Croiseanna Naomh Bríde le Rang a 2. Bhíodar deacair ach cabhraíomar lena chéile. Mar a deir an seanfhocal 'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'.

*Peace Proms, I suppose, really captured the hearts of all the children in this term. The children and teachers had a lot of songs to learn and dance moves to go with every song. We spent a few months perfecting our performance and when the big day arrived on Saturday, the 4th of February 2023, 4th class gave an unbelievable performance along with another three thousand children from around the country. You should all be very proud of yourselves! It was a magical day. Here are some of the enjoyable activities we took part in this term: 4th class also put in a huge effort for 'Seachtain na Gaeilge' when they sang 'An Poc ar Buile' with such energy and they also performed an entertaining play full of action to go along with the song. We were paired with Rang a 1 for the Céilí Mór. We had tremendous fun when Robbie came back with a 'Bodhrán Buzz' workshop. We cooked some pancakes on Shrove Tuesday with our homemade batter and made butter as part of Science. Yum! Yum! We had a wonderful day on World Book Day when we dressed up, read books with Rang a 2 and we could buy books too from the Aonach Leabhair. We made St. Brigids Crosses with Rang a 2. They were difficult but we helped each other out. As the old saying goes 'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'. Maith sibh agus Cáisc Shona daoibh ar fad!*





## Rang 5A & 5B - Múinteoirí Máirtín & Nioclás





Cáisc shona daoibh go léir. Tá súil againn go mbeidh Cáisc dheas ag gach duine. Bhí an-chuid le céiliúradh againn i rith an téarma seo. Dheineamar crosóga do Lá le Bríde le Naíonáin Bheaga, pancóga do Mháirt na hInide, agus cártaí do Lá na Máithreacha. Gléas Rang 5A/B suas mar charachtar i gcóir Lá Domhanda na Leabhar agus bhíomar ag léamh leabhar le Rang 1. Bhain siad an-taitneamh as na himeachtaí a bhí ar siúl againn i rith Seachtain na Gaeilge, go háirithe an céilí agus an pharáid. Bhí sceitimíní orthu ar fad nuair a tháinig an veain uachtar reoite tar éis na paráide.Ba mhaith le Rang 5A buíochas a ghabháil le Máistir Josh. Bhí sé linn ar feadh cúpla seachtain agus bhaineamar an-taitneamh as gach rud a rinne muid leis. Guímid gach rath air! Bainigí sult as na laethanta saoire agus guímid Cáisc Shona oraibh go léir!

*Happy Easter to you all! We hope that you all have a nice Easter. We had a lot to celebrate during this term. We made crosses for St. Brigid's day using rushes with Naíonáin Bheaga, we had pancakes in school for Shrove Tuesday and we made cards for Mother's day. Rang 5 dressed up as their favourite characters for World Book Day and we were reading books with Rang 1. They enjoyed all of the activities that took place during Seachtain na Gaeilge, especially the Céilí and the parade. Rang 5A would like to thank Máistir Josh. He was with us for a few weeks and we really enjoyed everything we did with him. We wish him well! They were so excited when the ice-cream van arrived after the parade. Enjoy the holidays and we wish you all a Happy Easter!*

## Rang 6A & 6B - Múinteoirí Sorcha & Rónán

Bhí téarma gnóthach ag rang a Sé i mbliana. Chríochnaíomar Maratón na bPáistí i mí Eanáir i gClub na Tráchtálaithe. Bhí ná páistí ar bís tar éis an traenáil ar fad a bhí déanta acu i rith na bliana agus fuair gach duine t-léine agus bonn. I mí Feabhra, rinneamar crosanna Naomh Bhríde le Naíonáin Mhóra. Bhain siad an-taitneamh as a bheith ag obair lena chéile. I mí an Mhárta, rinneamar ceilliúradh ar Lá Domhanda na Leabhar. Ghléas muid uilig suas mar charactar ó na leabhair is fearr linn. Rinneamar léitheoireacht leis na Naíonáin agus bhí an spórt againn. Bhíomar an-ghnóthach i rith Seachtain na Gaeilge chomh maith ag seinnt an ukelele, ag cleachtadh na hamhráin ar fad, ag múineadh na damhsaí do na Naíonáin agus ag déanamh comórtas ealaíne. Rinneamar rang filíochta le file dárbh ainm Frank Galligan chomh maith. Bhaineamar an-taitneamh as na himeachtaí ar fad a bhí ar siúl. Táimid ag súil go mór lenár dtéarma dheireanach i Scoil Chrónáin tar éis na Cásca.

*Sixth class had a busy term this year. We completed the Children's Marathon at the Commercials club after many months of training. The children were delighted and each competitor got a t-shirt and medal to mark the occasion. In February, we celebrated St. Brigid's Day with Naíonáin Mhóra. We made St. Brigid's Crosses from rushes that some of the pupils had gathered. The classes really enjoyed working together. In March, we celebrated World Book day. Each pupil dressed up as a character from their favourite book. We took part in 'paired reading' with the Senior Infants and we had great fun. We were also really busy during Seachtain na Gaeilge practising our ukelele and singing for the concert. We also had to help teach the younger classes some of the dances for our annual céilí and we took part in an art competition.We even took part in a poetry writing workshop with Frank Galligan from Co. Derry. We all really enjoyed the events that took place. We are really looking forward to our last term in Scoil Chrónáin after Easter.*


























Beidh Scoil Chrónáin ag athoscailt ar an Lúain, 17ú Aibreán 2023 ag 09:00

*Scoil Chrónáin re-opens at 09:00 on Monday ,17th April 2023*




Scoil Chrónáin
An tSráid Mhór, Ráth Cúil, Contae Átha Cliath D24 YW81
Fón: 01 4588889
Ríomhphost: oifig@scoilchronain.ie
www.scoilchronain.ie

Scoil Chrónáin
Mol an Óige